
Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme


Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

# Lár na Cathrach & Loch an tSáile


Clár
**15**





### Ceisteanna maidir le Taraenna & Canálacha




### Ceisteanna maidir le hÓstán Leonardo




### Ceisteanna maidir le Loch an tSáile




## Taraenna & Canálacha

Is limistéar é seo lena mbaineann tábhacht staire agus atá suite idir Abhainn na Gaillimhe, Canáil Eglinton agus líon taraenna. Is i mbaol tuilte taoide atá an limistéar go príomha. Trí chosaintí a shuiteáil, tabharfar cosaint do na foirgnimh chónaithe agus thráchtála.

### Rogha 1: Cosaintí ag Canáil Eglinton agus Abhainn na Gaillimhe

Mar chuid den rogha seo, moltar ballaí cosanta tuilte agus cosaint do réadmhaoine ar leith ar feadh Chanáil Eglinton, lena n-áirítear an limistéar thart ar Theach Atlanta agus an taobh thall de Chosán Chanáil Eglinton. Déanfar an balla mar atá faoi láthair ar an taobh ó dheas de na Taraenna a atógáil chun cosaint a thabhairt do na háiteanna cónaithe laistiar mar aon le cosaint a thabhairt don Túr Faire Iascaigh. Ar feadh Abhainn na Gaillimhe, moltar cosaint réadmhaoine ar leith i dtaca le trí fhoirgneamh ar an taobh ó dheas de Shráid an Droichid, d'fhonn bealaí isteach agus fuinneoga a shéalú. Tugtar mionsonraí breise maidir leis na cosaintí ar feadh Chanáil Eglinton ar Phóstaer 11.

**Na Príomhghnéithe**

1. Cosaint réadmhaoine ar leith 0.25 – 1.1m do thrí fhoirgneamh
2. Balla cosanta tuilte 0.8 – 0.9m ar feadh Chanáil Eglinton
3. Balla reatha atógtha 1m




## Óstán Leonardo

Is éard is Óstán Leonardo ná an limistéar siúil cois abhann atá suite ar feadh Abhainn na Gaillimhe os comhair Óstán Leonardo. Tá cosaintí á moladh chun cosc a chur ar bhealach isteach ag an uisce ó na trí bhosca féachana atá suite ar feadh na habhann agus an t-uisce ag sileadh isteach i limistéar Mhargadh an Éisc. Níl Óstán Leonardo i mbaol.

### Rogha 1: Cosaint ag na Boscaí Féachana

Mar chuid den rogha seo, moltar painéil bhalla cosanta tuilte 1.25m ar airde a chur in ionad an sconsa tréscaoilteach atá ann faoi láthair thart ar na trí bhosca féachana. Tá airde an bhalla reatha leordhóthanach chun caighdeán cosanta na scéime a chomhlíonadh. Déanfar na hábhair a úsáidfear san idirghabháil seo a dheimhniú le linn na céime atá le teacht chun cinn maidir leis na roghanna is mó a bhfuil luí leo.

**Na Príomhghnéithe**

1. Balla cosanta tuilte 1.25m ag trí bhosca féachana reatha




## Loch an tSáile

Murlach mór inbhearach atá faoi chosaint is ea Loch an tSáile. Tá an limistéar i mbaol tuilte taoide go príomha. Mar gheall ar chosaintí tuilte, cosnófar na foirgnimh chónaithe agus thráchtála atá i mbaol ar an taobh thoir thuaidh den mhurlach.

### Rogha 1: Claífort

Mar chuid den rogha seo, moltar claífort tuilte 1.0 – 1.35m ar feadh imeall thuaidh Loch an tSáile. Ceanglófar an claífort tuilte leis na leibhéil talún reatha ar feadh Loch an tSáile agus Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Coinneofar na cosáin reatha atá laistigh den pháirc. Níl réadmhaoine eile mórthimpeall an mhurlaigh i mbaol: dá bhrí sin, níl aon chosaintí eile á mholadh.

**Na Príomhghnéithe**

1. Claífort tuilte 1.0m - 1.4m



